



An Bhruiséil, 18 Iúil 2022
(OR. en)

11373/22
ADD 1

LIMITE

ELARG 63

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
An:	18 Iúil 2022
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	MÉADÚ – Caibidlíocht aontachais leis an Macadóin Thuaidh – Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire

Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire

Maidir le mír 7 de na conclúidí ón gComhairle maidir le [Méadú — an Mhacadóin Thuaidh agus an Albáin] ó [Iúil 2022],

Maidir le mír 22 den Chreat Caibidlíochta le haghaidh aontachas Phoblacht na Macadóine Thuaidh le AE agus an tagairt atá ann do theanga oifigiúil Phoblacht na Macadóine Thuaidh, de réir a Bunreacht, mar theanga le haghaidh aistriúchán ar *acquis* AE,

Athdhearbháinn an Bhulgáir leis seo an méid seo a leanas:

Tá sé cinn de noirm réigiúnacha scríofa (códúcháin) ag teanga liteartha na Bulgáire. Bunaithe ar chanúintí atá trí cinn díobh agus bunaithe ar theanga liteartha na Bulgáire atá na trí cinn eile. Nuair a cruthaíodh ‘an Mhacadóinis’ in 1944/5 san iar-Iúgslaiv, ba éard a bhí sa chruthú sin, gníomh códúcháin thánaistigh (athchódú) a bhí bunaithe ar theanga liteartha na Bulgáirise, agus ‘saibhriú’ breise déanta uirthi le foirmeacha dúchasacha, agus ionsamhlú déanta ar an gcaoi sin ar phróiseas ‘nádúrtha’ canúintbhunaithe.

Aon tagairt do theanga oifigiúil Phoblacht na Macadóine Thuaidh i ndoiciméid/seasaimh/ráitis nó eile, oifigiúla nó neamhoifigiúla, de chuid AE agus a institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, ba cheart í a thuiscint i gcomhréir go dlúth le Bunreacht an stáit sin agus ní dhéanfar ar shlí ar bith í a léiriú mar aitheantas ó Phoblacht na Bulgáire do theanga dá ngairtear ‘Macadóinis’.

Leanann an Bhulgáir de chloí leis an gelásal teanga a leagtar amach sa Chonradh maidir le cairdeas, dea-chomharsanacht agus comhar arna shíniú i Scóipé an 1 Lúnasa 2017 idir Poblacht na Bulgáire agus Poblacht na Macadóine Thuaidh chun críoch conarthaí/comhaontuithe/meabhrán agus eile déthaobhach idir an dá thír.